



An rialtas náisiúnta

Ár bhFís den Eoraip

Tuairimí, smaointe agus moltaí

Topaicí

- An t-athrú aeráide agus an comhshaol
- An imirce
- Sláinte
- An tAontas sa domhan mór

14 Eanáir 2022

Aistriúchán í an cháipéis seo ar an tuarascáil Ollainnise '*Onze kijk op Europa; meningen, ideeën en aanbevelingen*', [Ár bhfís den Eoraip – tuairimí, smaointe agus moltaí] a foilsíodh an 14 Eanáir 2022 (www.kijkopeuropa.nl). Is leagan simplithe é an t-aistriúchán seo as ar baineadh an bunleagan amach (léaráidí agus gnéithe stíle eile) chun críche aistriúcháin.

Ár bhfís den ...

Achoimre ar an tuarascáil: gach moladh ina gceann agus ina gceann

Bunaithe ar na comhphléití leis na saoránaigh, 'Físeanna den Eoraip', tá tuairimí agus smaointe shaoránaigh na hÍsiltíre maidir le todhchaí na hEorpa curtha i dtoll a chéile againn. Mar thoradh air sin, cuireadh faoi bhráid an Aontais na moltaí seo a leanas maidir leis na ceithre thopaic dheireanacha (as naoi dtopaic ar fad).

An t-athrú aeráide agus an comhshaol

- 1. Treo soiléir a sholáthar i dtaca le cur chuige na hEorpa maidir leis an athrú aeráide**
- 2. A áirithiú gur dlúithe a chomhoibreoidh tíortha agus gnóthais maidir le réitigh spriocdhírthe**
- 3. Córas CO₂ cothrom agus inúsáidte a thabhairt isteach**
- 4. Cumarsáid níos soiléire agus níos dearfaí a dhéanamh maidir le dúshláin aeráide**

Measann muintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta agus an t-athrú aeráide á chomhrac againn. Cé gur cheart do na Ballstáit éagsúla a bheith in ann roghanna dá gcuid féin a dhéanamh, ní mór dóibh na spriocanna céanna a shaothrú. In ionad an milleán a chur ar a chéile, ba cheart do thíortha an Aontais iarracht níos mó a dhéanamh eolas a mhalartú agus réitigh choiteanna a aithint. Ní leor córas cánachais CO₂ a bheith éifeachtach, caithfidh sé a bheith praiticiúil agus soiléir fosta. Tríd is tríd, tá muintir na hÍsiltíre den bharúil gur cheart don Aontas cumarsáid níos soiléire agus níos dearfaí a dhéanamh maidir leis an athrú aeráide.

An imirce

- 1. Gan na mionargóintí a ligean i ndearmad sa díospóireacht faoi dhídeanaithe**
- 2. A áirithiú go ndáiltear dídeanaithe go cothrom**
- 3. Eolas agus tairbhí a úsáid chun cabhrú leis na réigiúin arb as do na dídeanaithe**

Síleann muintir na hÍsiltíre go bhfuil sé den tábhacht idirdhealú idir daoine atá ag teitheadh ó limistéir neamhshábháilte agus dídeanaithe eacnamaíocha. Is minic a ligtear na mionargóintí faoin imirce agus faoin lánpháirtiú i ndearmad sa phlé a dhéantar orthu na laethanta seo. Chun a áirithiú go ndáiltear dídeanaithe go cothrom ar fud na hEorpa, ba cheart don Aontas critéir shoiléire a chomhaontú lena dtabharfaí a gceart don dá dhream araon, is é sin do na Ballstáit agus do na daoine a theith óna dtíortha. I ndeireadh na mbeart, molann muintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas tacaíocht airgeadais a thabhairt do réigiúin a bhfuil cóiríocht á cur ar fáil do dhídeanaithe acu, agus ní hamháin sin ach fios gnó fosta.

Sláinte

- 1. A bheith níos réamhghníomhaí agus aghaidh á tabhairt ar phaindéim**
- 2. Córais leighis inacmhainne iontaofa a chur ar fáil do chách**
- 3. Ní mór do thíortha gníomhú ar a gconlán féin chun a gcórais cúraim sláinte a dhéanamh níos cothroime agus níos éifeachtaí**

Is é tuairim mhuintir na hÍsiltíre gur cheart do thíortha an Aontais comhoibriú níos dlúithe le chéile agus paindéim á comhrac acu. I gcás an chur chuige maidir le COVID-19, is deacair in amanna bun ná barr a dhéanamh den bheartas atá acu. Cé nach gá gurb ionann na rialacha i ngach áit, ba cheart dóibh a bheith comhoiriúnach ar a laghad. A mhéid a bhaineann le vacsaíní nó córais leighis, is mian le muintir na hÍsiltíre go gcoinneofaí na costais chomh híseal agus is féidir agus go n-áiritheofaí táirgeadh iontaofa freagrach ag

an am céanna. Thairis sin, measaimid go bhfuil sé den tábhacht nach mbainfeadh gnóthais mhóra mí-úsáid as an gcumhacht atá acu; ní mór gur fhreagracht náisiúnta é an cúram sláinte, go príomha.

Ról an Aontais sa domhan mór

- 1. Leas a bhaint as láidreacht an Aontais, go háirithe i dtaca le mórcheisteanna idirnáisiúnta**
- 2. comhar a spreagadh, ní coinbhleacht, taobh istigh agus taobh amuigh den Eoraip araon**
- 3. Cur chuige tomhaiste a bheith aige agus é ag tairiscint cabhair i leith réiteach coinbhleachtaí**

Síleann muintir na hÍsiltíre gur cheart an comhar Eorpach a dhíriú go príomha ar mhórcheisteanna leasa choitinn. Ba cheart fosta gur ar an rud céanna a dhíreofaí comhar an Aontais le tríú tíortha. Ar na saincheisteanna sin, tá: an t-athrú aeráide agus paidéim an choróinvíris, agus, i measc nithe eile, an tslándáil idirnáisiúnta agus geilleagar na hEorpa a chosaint ar thrádáil éagórach. Laistigh agus lasmuigh den Eoraip araon is é an comhar is fearr le muintir na hÍsiltíre ná an choinbhleacht. Ina theannta sin, maidir le cur chuige i gcás coinbhleachta, ba cheart iarracht a dhéanamh i gcónaí réiteach neamhfhoréigineach a lorg.

Réamhrá

Sa chomhphlé leis na saoránaigh ‘Físeanna den Eoraip’, bhí an deis ag muintir uile na hÍsiltíre, ón 1 Meán Fómhair go dtí lár mhí na Samhna, a dtuairimí agus a smaointe a nochtadh maidir le todhchaí na hEorpa. Tá an Ísiltír ag cur na moltaí a tháinig as an gcomhphlé sin, mar aon leis na tuairimí agus na smaointe a bailíodh, faoi bhráid an Aontais Eorpaigh (an tAontas). Díritear sa tuarascáil seo ar na ceithre thopaic dheireanacha (as naoi dtopaic ar fad). Tugadh aghaidh cheana ar na chéad chúig thopaic i dtuarascáil a foilsíodh an 3 Nollaig 2021.

Maidir le ‘Físeanna den Eoraip’

Is mian leis an Aontas a fháil amach cad é a shíleann siad siúd a bhfuil cónaí orthu inti faoin Eoraip. Is chuige sin an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa atá á eagrú ag an Aontas. Ar deireadh, bainfear leas as na tuairimí agus as na smaointe seo sna pleananna a cheapfar amach anseo don Eoraip. Mar chuid den Chomhdháil sin, tá an comhphlé saoránach náisiúnta ‘Físeanna den Eoraip’ á eagrú ag an Ísiltír.

Seoladh ‘Físeanna den Eoraip’ an 1 Meán Fómhair; bailíodh tuairimí agus smaointe ar líne trí bhíthin suirbhé a raibh painéal ionadaíoch ina chuid de. Ar mhaithe le tuiscint níos doimhne a fháil ar na léargais tosaigh a fuarthas ó shuirbhé an phainéil agus chun moltaí sonracha a chur le chéile, d’eagraíomar comhphléití topaicbhunaithe ar líne. Bhí cead ag óg agus aosta a bheith páirteach ann. Chuamar fud fad na tíre chun labhairt leis an óige agus le grúpaí eile (ar deacair teacht orthu).

Bhí daltaí scoile, scoláirí i meánscoileanna gairmoideachais sinsearach (MBO), mic agus iníonacha léinn, feirmeoirí, imircigh agus an tAire Oideachais féin páirteach ann

I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, reáchtáladh ocht gcinn de chomhphléití topaicbhunaithe ar líne; bhí suas le 30 rannpháirtí, ar an meán, ag gach cruinniú. Anuas air sin, eagraíodh comhphlé topaicbhunaithe le grúpaí éagsúla de mhuintir na hÍsiltíre; bhí ceann amháin de na comhphléití sin ar líne agus seacht gcinn eile ar an láthair. Mar shampla, chuathas i mbun cainte le pobal na Tuirce in Schiedam agus saorálaithe as Fondúireacht Piëzo in Zoetermeer a d’óstáil an ócáid. Ag an ócáid sin, bhí Ben Knapen, an tAire Gnóthaí Eachtracha. Phléigh an tAire an comhphlé agus na tuairimí faoi thodhchaí na hEorpa leis na rannpháirtithe. Sé cinn de chruinnithe le grúpaí óige éagsúla a eagraíodh sa deireadh thiar thall. Cuirim i gcás, bhí cruinniú againn le scoláirí as Helmond, le scoláirí MBO as Doetinchem agus le mic agus iníonacha léinn as Ollscoil Leiden.

‘Baineann sé leis an saol a bheidh ag ár bpáistí amach anseo. Sin é an fáth a sílim féin go bhfuil sé den tábhacht a bheith rannpháirteach sa chomhphlé seo.’

A raibh le rá ag rannpháirtí sa chomhphlé topaicbhunaithe

Maidir leis an tuarascáil seo

Bunaithe ar na tuairimí agus ar na smaointe a bailíodh le cúpla mí anuas, cuireadh moltaí mhuintir na hÍsiltíre faoi bhráid an Aontais. D’eascair plé suimiúil agus smaointe agus moltaí nuálacha as na comhráite a bhí ag muintir na hÍsiltíre. Cuireadh cuid de na smaointe agus na moltaí sin san áireamh sa tuarascáil seo. Guth na hÍsiltíre – ár bhfís den Eoraip – atá sa tuarascáil seo.

Ní haon iontas go bhfuil éagsúlachtaí idir tíortha agus saoránaigh na hEorpa; ní bhíonn muintir na hÍsiltíre ar aon fhocal i gcónaí. Ach, tá tairbhe le baint as an éagsúlacht seo; is gné thábhachtach den daonlathas iad. Léiríonn na moltaí a bailíodh na tuairimí agus smaointe is forleithne a bhí ag na rannpháirtithe i leith ‘Físeanna den Eoraip’. Déantar cur síos inti freisin ar na hábhair imní, na smaointe agus na mothúcháin sin nach bhfuil an-choitianta ach a ghoin ár n-aire sa chomhphlé agus sa taighde ar líne.

‘Ba dheas an rud é domsa a bheith in ann mo thuairimí a chur in iúl faoi chúrsaí is tábhachtach liom, agus a chreidiúint gur tugadh cluas na héisteachta dom.’

A raibh le rá ag rannpháirtí sa chomhphlé topaicbhunaithe

Sainaitníodh naoi dtopaic don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Bhí na topaicí sin freisin i gcoilár chomhphlé shaoránaigh na hÍsiltíre ‘Físeanna den Eoraip’. I mí Dheireadh Fómhair, d’fhoilsíomar tuarascáil eatramhach ina raibh léargais tosaigh agus ceisteanna leantacha bunaithe ar shuirbhé an phainéil. Ag tús mhí na Nollag tháinig tuarascáil eile amach ina ndearnadh cur síos ar na tuairimí, na smaointe agus na moltaí maidir leis na chéad chúig thopaic. Clúdaíonn an tuarascáil atá idir lámha anseo againn na ceithre ábhar atá fanta.

An tuarascáil roimhe seo – Nollaig 2021

- Luachanna agus cearta, an smacht reachta, an tslándáil
- Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist
- An daonlathas Eorpach
- An tAistriú Digiteach
- Oideachas, cultúr, an óige agus spórt

An tuarascáil seo – mí Eanáir 2022

- An t-athrú aeráide agus an comhshaol
- An imirce
- Sláinte
- An tAontas sa domhan mór

Cad é an chéad chéim eile?

Sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, tá smaointe, tuairimí agus moltaí mhuintir uile an Aontais. Ní hamháin go bpléifear torthaí chomhphléití náisiúnta uile na saoránach sna cruinnithe ach déanfar plé iontu freisin ar an toradh a bhí ar thionscnaimh eile de chuid na Comhdhála. Mar shampla, tá Painéil Saoránach Eorpach ann freisin, agus tig le saoránaigh uile an Aontais (lena n-áirítear saoránaigh na hÍsiltíre) rochtain a fháil ar Ardán Digiteach Eorpach.

‘Tá súil agam go nglacfaidh na daoine atá i gceannas ar an Aontas le mo thuairimí agus go gcuideoidh sé sin leo na roghanna cearta a dhéanamh.’

A raibh le rá ag rannpháirtí sa chomhphlé topaicbhunaithe

Tiocfaidh deireadh leis an gComhdháil in earrach na bliana 2022. Ina dhiaidh sin, ullmhóidh an Ísiltír tuarascáil deiridh maidir leis an gcomhphlé leis na saoránaigh: tiomsú den tuarascáil seo agus den tuarascáil roimhe, ina gcuimseofar na moltaí maidir le gach ceann de na naoi dtopaic. Beidh moltaí ag an gComhdháil dá hUachtaránacht, d’Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán Chomhairle na nAirí agus Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. Tá gealltanais tugtha acu bealaí a fhiosrú chun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí seo. I gcás Rialtas na hÍsiltíre, is rannchuidiú luachmhar iad na torthaí freisin ó thaobh beartas Aontais na tíre a mhúnlú.

Achoimre ar an bpróiseas go dtí earrach 2022:

Amlíne

Físeanna den Eoraip

An 1 Meán Fómhair	An 12 Deireadh Fómhair	An 22-23 Deireadh Fómhair	An 15 Samhain	An 3 Nollaig	An 14 Eanáir	An 21-22 Eanáir	Feabhra	An 18-19 Feabhra	An 11-12 Márta	An 22-24 Aibreán		
Tuairimí a bhailiú ar líne												
Comhphléití topaicbhunaithe												
		Torthaí eatramhacha (tuarascáil eatramhach)		Tuarascáil eatramhach ar thopaicí an gheilleagair agus an daonlathais	Tuarascáil eatramhach ar thopaicí na haeráide agus an Aontais Eorpaigh sa domhan		'Ár bhFís den Eoraip': an tuarascáil deiridh					
		↓				↓		↓	↓	↓		
		Cruinniú comhdhála				Cruinniú comhdhála		Cruinniú comhdhála	Cruinniú comhdhála (féideartha)	Imeacht dheireanach na Comhdhála	→	Moltaí d'Uachtarán <ul style="list-style-type: none"> Pharlaimint na hEorpa an Choimisiúin Eorpaigh Chomhairle na nAirí
						↑		↑		↑		
Breis tuairimí agus smaointe faoi thodhchaí na hEorpa:												
Comhphléití leis na saoránaigh						Painéil Saoránach Eorpach				Ardán Digiteach Eorpach (saoránaigh na hÍsiltíre san áireamh)		

Struchtúr na tuarascála seo

Díríonn an tuarascáil seo ar cheithre thopaic. I dtaca le gach topaic, déantar an méid seo a leanas:

- Moltaí bunaithe ar gach gné den chomhphlé leis na saoránaigh
- Pléití agus smaointí ar líne agus i bpearsa: dearcthaí ar na tuairimí, na smaointe agus na pléití a ardaíodh sna comhphléití topaicbhunaithe (ar líne agus i riocht físiúil)

Tá ráiteas cuntasachta ag deireadh na tuarascála.

An t-athrú aeráide agus an comhshaol

Moltaí – an dearcadh atá againn ar an athrú aeráide agus ar an gcomhshaol

Dar le 71 % de mhuintir na hÍsiltíre gur saincheistanna tábhachtacha iad an t-athrú aeráide agus an comhshaol agus síleann siad gur cheart don Aontas dul i ngleic leo.

1. Treo soiléir a roghnú i dtaca le cur chuige na hEorpa maidir leis an athrú aeráide

Measann 68 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas a bheith ar thús cadhnaíochta agus an t-athrú aeráide á chomhrac againn. Is fadhb é an téamh domhanda nach féidir le haon tír ar leith a réiteach ar a conlán féin. Cé nach bhfuil muintir uile na hÍsiltíre ar aon tuairim faoin athrú aeráide, sílimid, ar aon chuma, nach mór don Aontas fíis níos soiléire den todhchaí a fhorbairt. In ainneoin gurb ann don Chomhaontú Glas, is suntasach an scéal go mbíonn tuairimí éagsúla ag na Ballstáit go minic. Cé gur cheart go mbeadh tíortha in ann roghanna dá gcuid féin a dhéanamh, ní mór dóibh na spriocanna céanna a shaothrú. Sílimid fosta go bhfuil freagracht orainn féin mar shaoránaigh, lena n-áirítear ár n-iompar mar thomhaltóirí.

‘Is mian leis an Ísiltír fáil réidh le gás nádúrtha ach tá sé á chur chun cinn sa Ghearmáin. Is doiligh liom sin a thuiscint.’

2. A áirithiú gur fearr a oibreoidh tíortha agus gnóthais le chéile ar na réitigh dar sprioc

Tá an chuma ar an scéal, dar le muintir na hÍsiltíre, go gcuireann tíortha an milleán ar a chéile go minic maidir leis an athrú aeráide agus an comhshaol. Is ar dhifríochtaí a dhírítear go príomha, mar shampla idir tíortha bochta agus tíortha saibhre san Aontas, nó idir na tíortha ar mó nó ar lú an tionsclaíochta iontu. B’fhearr linne go lorgóidís comhaontuithe. Is féidir le cuideachtaí comhchosúla i dtíortha éagsúla a gcuid eolais a mhalartú, mar shampla, agus réitigh a cheapadh le chéile. Is féidir le tíortha bochta a bheith níos rannpháirtí sa chineál seo comhair maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Is féidir leo cabhrú le réitigh chomhpháirteacha a dhearadh agus leas a bhaint astu chomh maith.

‘Ní iomaíocht ach comhar ba cheart a bheith i gceist le dul i ngleic leis an athrú aeráide.’

3. Córas CO₂ cothrom agus inúsáidte a thabhairt isteach

Agus é ag dul i ngleic leis an athrú aeráide, tá an-bhéim curtha ag an Aontas ar astaíochtaí CO₂ a laghdú. Síleann muintir na hÍsiltíre go bhfuil córas níos fearr de dhíth orainn, córas a ghearrann pionós go cothrom ar tháirgeoirí. Níl siad ar aon intinn cé acu ba cheart nó nár cheart ligean do thíortha ar mó an daonra iontu breis CO₂ a astú. Tá tionscail mhórtaruailithe ag roinnt tíortha, mar shampla, ach maidir le tíortha eile tarlaíonn sé go bhfuil acmhainneacht mhór acu fuinneamh glas a tháirgeadh. Ní mór na difríochtaí sin a chur san áireamh, ach gan an scéal a dhéanamh róchasta ag an am céanna, mar beidh ar gach duine an córas a thuiscint.

‘Easpórtálann tíortha tionsclaíocha cuid mhór táirgí. An ceart mar sin gurb iad na tíortha sin amháin a íocann cáin CO₂? Measaim féin gur cheart do na húsáideoirí a gcuid féin a íoc.’

4. Cumarsáid níos soiléire agus níos dearfaí a dhéanamh maidir le dúshláin aeráide

Cluineann agus léann muintir na hÍsiltíre go leor faoin athrú aeráide. Do roinnt mhaith acu, áfach, is coincheap teibí casta go fóill é. Is minic a fhéachtar air mar rud a chosnaíonn méid ollmhór airgid, cé go gcuirtear deiseanna ar fáil freisin agus an t-athrú aeráide á chomhrac againn, mar shampla táirgeadh bia áitiúil a chur chun cinn agus teicneolaíocht nua inbhuanaithe a fhorbairt. Is fearr agus is minice is féidir leis

an Aontas an scéal sin a insint. Measaimid freisin go bhféadfadh ceannairí na mBallstát dea-shampla a thabhairt uathu féin. Ar na bealaí a d'fhéadfaidís tacú leis an inbhuanaitheacht tá: gan a bheith ag taisteal chomh minic sin – mar shampla idir an Bhruiséil agus Strasbourg – agus cruinnithe ar líne a bheith acu.

'Is mar chostas a fhéachtar ar an inbhuanaitheacht de ghnáth go fóill; ba cheart féachaint air mar dheis seachas mar bhagairt.'

Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa

'Níor cheart dúinn féachaint ar astaíochtaí CO₂ mar cheart, ach mar fho-éifeacht thrioblóideach.'

'Is é an chuma atá ar an scéal gur mó atá á rá ná mar atá á dhéanamh maidir leis an athrú aeráide san Eoraip.'

'Le himeacht ama is chun ár leasa a rachaidh rialacha níos láidre maidir leis an aeráid; ba cheart dúinne, mar mhór-roinn trádála, na deiseanna a lorg sa chás seo.'

'Ní féidir linn fanacht ar na mór-ranna eile – níl aon am lena haghaidh sin.'

SMAOINEAMH: *'Tíortha a chúiteamh nuair a thiocfaidh borradh faoin gcomhshaol nádúrtha agus faoin mbithéagsúlacht iontu.'*

SMAOINEAMH: *'Turasóireacht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn i réigiúin bhochta an Aontais.'*

Scoláirí MBO as Doetinchem: 'Ba cheart ceadú do gach duine cianturais a dhéanamh.'

Maíodh le mic agus iníonacha léinn i gColáiste Graafschap in Doetinchem gur cheart eitiltí laistigh den Aontas a bheith níos costasaí. D'aontaigh roinnt mac léinn leis sin, mar le ticéid níos costasaí spreagar daoine chun roghanna níos inbhuanaithe a lorg. Cuireadh i bhfios go láidir, áfach, gur cheart don Aontas a áirithiú go mbeadh roghanna níos fearr ann, roghanna nach mbeadh díobhálach don aeráid, amhail naisc thraenach níos fearr. Dúirt rannpháirtithe eile nach raibh siad i bhfách leis go mbeadh ticéid eitilte níos costasaí. 'Is iad na daoine saibhre is mó a eitlíonn na laethanta seo agus íocann siad gan dua', arsa duine amháin. 'Leanfaidh siadsan ar aghaidh in ainneoin na bpraghsanna a bheith níos airde ach beidh sé dodhéanta ansin do na gnáthdhaoine laethanta saoire cianturais a bheith acu.'

Feirmeoirí dúlrachuimsitheacha: Is féidir leis an Aontas eolas a scaipeadh faoi réitigh inbhuanaithe'

Is comhlachas de chomhchuideachtaí talmhaíochta é BoerenNatuur. Mar chuid den chomhphlé topaicbhunaithe rinneadh plé ar an athrú aeráide agus ar an gcomhshaol. Mheas na rannpháirtithe go bhféadfadh tíortha aonair feabhas a chur ar chur chun feidhme dhlíthe agus rialacháin an Aontais, agus ba í an reachtaíocht maidir le nítrigin an sampla a thug siad. 'Ní luaitear i reachtaíocht an Aontais ach nár cheart limistéir dhúlra 'a mheathlú', ach is éagsúil ar fad an dóigh a láimhseáiltear an ceangal sin i nDeisceart na hEorpa ná mar a dhéantar san Ísiltír.' Bhí an chuid is mó de na rannpháirtithe den tuairim gur cheart don Eoraip a bheith ar thús cadhnaíochta agus an t-athrú aeráide á chomhrac againn. Creideann na feirmeoirí nach leor na focail leo féin; gur cheart torthaí a bheith mar thoradh orthu, trí eolas a roinnt thar aon ní eile. 'In earnáil na talmhaíochta táimid ag obair ar bhealaí chun feirmeoireacht níos glaine a bhaint amach. Ba cheart don Aontas cuidiú chun an t-eolas ábhartha a scaipeadh go tapa.'

An imirce

(Imirce agus dídeanaithe)

Tá na teorainneacha idir tíortha an Aontais ar oscailt arís. Oibríonn na tíortha le chéile san Aontas, mar sin, maidir leis na teorainneacha seachtracha a bhainistiú agus smuigleáil imirceach a chomhrac, mar shampla. Tá dáileadh cothrom dídeanaithe faoi chaibidil fosta. Cén bharúil atá ag an Ísiltír de sin?

[Moltaí – Ár ndearcadh ar an imirce agus ar dhídeanaithe](#)

Síleann 65 % de mhuintir na hÍsiltíre go bhfuil tábhacht ag baint leis an imirce agus le dídeanaithe agus gur cheart don Aontas na saincheistanna sin a ghleic.

1. Gan na mionargóintí a ligean i ndearmad sa díospóireacht faoi dhídeanaithe

Ceapann 70 % de mhuintir na hÍsiltíre nach mór cosaint níos fearr a bheith ag na teorainneacha ar imeall na hEorpa. Agus bheadh 72 % díobh siúd go fóill den tuairim sin fiú dá bhfágfadh sin go seolfaí níos mó dídeanaithe ar ais chuig tíortha neamhshábháilte. Ceapann muintir na hÍsiltíre gur cheart aird níos mó a thabhairt ar na cúiseanna a bhfuil daoine ag teitheadh ó tíortha neamhshábháilte. I gcásanna áirithe is é an t-athrú aeráide is cúis leis, i gcásanna eile, cogadh. Is minic, agus dídeanaithe mar ábhar cainte, nach bpléitear na cúiseanna foluiteacha ach go pointe áirithe. Agus is minic nach mbíonn ach trácht gearr ar an mbreisluach is féidir le dídeanaithe a thabhairt chuig tír. Ar deireadh, sílimid gur cheart don Aontas idirdhealú níos mó a dhéanamh idir daoine atá ag na teorainneacha a tháinig ó réigiúin neamhshábháilte agus dídeanaithe eacnamaíocha. I mbeagán focal, ceapaimid go ndéantar neamhshuim go minic de na cúiseanna foluiteacha agus na miondifríochtaí sa díospóireacht faoin imirce agus faoi dhídeanaithe. Ba cheart do pholaiteoirí Eorpacha a bheith in ann rud éigin a dhéanamh faoi sin trí dhea-shampla a thabhairt.

‘Ba cheart dúinn féachaint ar dhídeanaithe mar dhaoine daonna comhshamhlacha. Níl bheadh mórán againn ann, sa chás sin, a sheasfadh ar an taobh ionas go bhfaigheadh duine atá ar an anas bás.’

2. A áirithiú go ndáiltear dídeanaithe go cothrom agus go ciallmhar

Ba cheart seirbhís inimirce Eorpach a bheith in ann a áirithiú go ndáiltear dídeanaithe go cothrom ar thíortha an Aontais. Ceapann muintir na hÍsiltíre, áfach, gur cheart critéir shoiléire a bheith ann chun a chinneadh cad é atá cothrom. Is féidir le tír a bheith tarraingteach i súile dídeanaithe a bhuí, mar shampla, lena córas maith sóisialta agus leasa ach tá tosca eile ann a bhfuil tábhacht ag baint leo don dídeanaí agus don tír lena mbaineann. San Ísiltír mar shampla, tá ganntanas tithíochta againn. Agus tá tíortha nó earnálacha eile ann inar mó an gá atá le hoibrithe imirceacha. Ceapaimid go bhfuil sé den tábhacht go gcuirfeadh an tAontas an méid sin san áireamh agus dídeanaithe á ndáileadh aige. Ní hamháin go dtugtar soiléireacht le comhaontuithe soiléire ach laghdaítear an gá le plé leo fosta. Sa deireadh thiar thall is rud maith é sin do chách lena mbaineann.

‘Ní mór cead a thabhairt do dhídeanaithe a mbuanna a úsáid sa tír is ceann scríbe fosta.’

3. Eolas agus taithí a úsáid chun cabhrú leis na réigiúin arb as do na dídeanaithe

Ceapann 67 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart don Aontas níos mó cabhrach a thabhairt do réigiúin neamhshábháilte chun sreafaí dídeanaithe a chosc. Tuigimid nach roghnaíonn dídeanaithe a dtíortha dúchais a fhágáil nuair a bhuaileann spadhar iad. Is ar an ábhar sin ba cheart dúinn aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna, amhail an t-athrú aeráide nó coinbhleachtaí, a dhéanann réigiúin neamhshábháilte nó neamh-inmharthana de na réigiúin sin. D’fhéadfadh an tAontas tacaíocht a thabhairt do na réigiúin sin arb

as do dhéanaithe ní hamháin i bhfoirm tacaíocht airgeadais ach i bhfoirm eolais fosta. Mar shampla, san Ísiltír tá a lán eolais againn faoin talmhaíocht. Is féidir linn cabhrú le tíortha eile déileáil ar bhealach níos fearr le triomach agus creimeadh trí bhíthin modhanna feirmeoireachta nua-aimseartha. Agus is féidir le daoine a theith chun na hEorpa roinnt oiliúna a dhéanamh i dtír Eorpach agus ina dhiaidh sin cuidiú a chur ar fáil ina dtíortha dúchais féin.

Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa

'Ba cheart don Aontas foráil a dhéanamh do chórais tearmainn níos tapúla. Ar an dóigh sin bheadh níos mó spáis ann do dhaoine óna dteastaíonn sé go géar.'

'Tá aithne agam ar go leor daoine óga i mo cheantar ar mian leo teach a cheannach ach ní féidir leo teacht ar aon rud ar phraghas réasúnta. Agus san idirlinn, tugtar tithíocht do dhéanaithe. Is doiligh liom glacadh leis sin.'

'Leanfaidh an t-athrú aeráide de bheith ag cur brú ar dhaoine teitheadh óna dtíortha féin. Ní féidir leat é a stopadh ach seans gur féidir leat é a rialáil níos fearr.'

'Tá cónaí ormsa in Betuwe. Teastaíonn a lán oibríthe imirceacha uainn anseo le linn shéasúr an phiorra agus an úill.'

'Ní gan chúis a bhíonn réigiúin neamhshábháilte; is minic breabaireacht a bheith ar siúl ag rialtais. Cad é mar is féidir fios a bheith againn cad é a tharlaíonn dár gcúnamh agus dár gcuid airgid?'

SMAOINEAMH: *'Smaoinigh freisin ar straitéisí áitiúla, amhail rannpháirtíocht na saoránach i nglacadh áitiúil dídeanaithe, agus maoiniú a dhéanamh ar thionscnaimh áitiúla lánpháirtíochta.'*

SMAOINEAMH: *'Tithe beaga bídeacha a thógáil' i gcathracha inar féidir le dídeanaithe cónaí iontu. Is ar an dóigh sin a bhainfeá an brú ón margadh tithíochta agus a spreagfa an tacaíocht do dhaoine a thabhairt isteach.'*

Saorálaithe a bhí ina ndéanaithe iad féin: 'Bíonn daoine doicheallach san Eoraip.'

Is comhlachas deonach é *Taal Doet Meer* a chabhraíonn le daoine a bheith páirteach sa phobal i gcás inar tháinig siad go Utrecht le déanaí gan ach teanga iasachta á labhairt acu. Le linn na bpléití topaicbhunaithe leis an gcomhlachas sin, ní imirce amháin a bhí idir camáin, ach an lánpháirtíú go háirithe. Is mar dhéanaithe a tháinig roinnt de na rannpháirtithe iad féin go dtí an Ísiltír, lena n-áirítear duine amháin ón tSiria. 'Tar éis seacht mbliana, ní mhothaím gur Ísiltíreach mé go fóill. Ní bhfuair mé post go fóill, cé go bhfuil céim mháistir agam. Tá sé tugtha faoi deara agam gur orthu féin a bhíonn tíortha na hEorpa dírithe agus nach bhfuil siad go hiomlán oscailte i leith tíortha eile agus cultúir eile.' Dúirt rannpháirtí eile gur minic a bhíonn na hEorpaigh féin doicheallach lena chéile. 'Tá an chuid is mó de na daoine ina n-aonar; déanann gach duine a riar féin. Ceapaim féin áfach gur cheart dúinn labhairt lena chéile agus foghlaim óna chéile.'

Daoine óga ó Nationale Jeugdraad (An Chomhairle Náisiúnta Óige): 'Ná ligtear daoine isteach mura féidir aire mhaith a thabhairt dóibh.'

In Utrecht labhair comhaltá de na meithleacha éagsúla de chuid an Jeugdraad Nationale Jeugdraad (NJR) lena chéile. Ceapann na rannpháirtithe (atá idir 16 bliana agus 23 bliana d'aois) gur cheart gnéithe éagsúla a chur san áireamh agus dídeanaithe á ndáileadh ar fud na hEorpa, amhail daonra tíre, achar dromchla, cúrsaí leasa agus líon na n-ionad glactha. 'Níor cheart dídeanaithe a ligean isteach i dtír ach amháin más féidir aire mhaith a thabhairt dóibh', a dúirt duine de na rannpháirtithe. Measann daoine óga freisin gur cheart iarmhairtí a bheith ann mura gcomhlíonfaidh tír comhaontuithe maidir le

dídeanaithe a ghlacadh. Ba cheart tabhairt orthu fineáil a íoc, mar shampla. 'Agus ba chóir cead cainte a bheith ag dídeanaithe iad féin agus é á shocrú cá háit a gcuirfear iad', a dúirt rannpháirtí amháin. 'Mar shampla, má tá gaotha áit éigin acu, ní féidir é a cheadú go seolfaí áit éigin eile iad.'

Sláinte

(Cúram sláinte)

Cé gur tíortha aonair is mó a riarann cúram sláinte, is féidir leis an mbeartas Eorpach tacú leis agus é a neartú. I gcás ina mbeidh siad ag dul i ngleic le an géarchéim an choróinvírís, mar shampla, nó le géarchéimeanna eile sláinte (a bheidh ann amach anseo). Nó trí thaighde a dhéanamh go comhpháirteach ar thinnis thromchúiseacha. Cén bharúil atá ag an Ísiltír de sin?

Moltaí – Ár bhfís de chúram sláinte

Síleann 64 % de mhuintir na hÍsiltíre go bhfuil tábhacht ag baint le saincheist an chúraim sláinte agus gur cheart don Aontas dul i ngleic leis.

1. Bearta frithphaindéime a stiúradh níos fearr

Ceapann 83 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart do thíortha san Aontas a bheith ag obair le chéile níos mó chun cosc a chur ar ghalair thógálacha a bheith ag leathadh ar fud an domhain. Toisc nach stopann víris ag teorainneacha. Tá sé seo feicthe againn anois le linn paindéime an choróinvírís. Is féidir leis a bheith doiligh ciall a bhaint as an mbeartas san Aontas. Ní chuidíonn sin le daoine na rialacha a chomhlíonadh. Measaimid gur cheart comhordú níos fearr a dhéanamh ar bhearta chun scaipeadh víreas san Eoraip a chosc, ach nár cheart an ceangal a bheith ann na rialacha a bheith mar an gcéanna i ngach áit. Ba cheart fairsinge a bheith ann chun roghanna a dhéanamh ar leibhéal áitiúil. Ní hamháin ar an ábhar gur féidir rátaí ionfhabhtaithe a bheith éagsúil, ach toisc go bhfuil an Eoraip comhdhéanta de chultúir éagsúla freisin. Is fearr a oibríonn roinnt de na bearta i dtír amháin ná i dtír eile.

‘Tá cónaí orm san Ísiltír gar do theorainn na Gearmáine. Tá na rialacha éagsúla COVID sa dá tír do mo chur thar bharr mo chéille.’

2. Cógais leighis inacmhainne iontaofa a chur ar fáil do chách

Ceapann 71 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart, mar gheall ar an Aontas, nach mbeimis ag brath an oiread sin ar thíortha lasmuigh den Aontas i dtaca le cógais leighis a fhorbairt, a tháirgeadh agus a sholáthar. Ach dá mba rud é, mar thoradh air sin, go mbeadh ar dhaoine fanacht níos faide chun cógais leighis a fháil, d’easaontódh daoine eile. Ceapann muintir na hÍsiltíre gurbh chasta a bheadh táirgeadh agus dáileadh cógais leighis dá bharr sin. Ar thaobh amháin, tá ardmhéadú ar chostais chúraim ar na bacáin san Ísiltír, agus measaimid go bhfuil sé tábhachtach costais a choimeád íseal chomh fada agus is féidir. Ar an taobh eile, ba mhaith linn a bheith in ann muinín a bheith againn as cógais leighis, fiú má thagann siad ó áiteanna i bhfad i gcéin. Ní ceist cháilíochta amháin é seo, ach ceist táirgthe inbhuanaithe eiticíúil freisin. Tríd is tríd, measaimid gur cheart cógais leighis thábhachtacha a bheith ar fáil do chách, lena n-áirítear i dtíortha níos boichte.

‘Bíonn costais chúraim beagnach neamh-inacmhainne sa lá atá inniu ann. Mar sin, ba cheart dúinn iarracht a dhéanamh cógais nua a cheannach ar luach atá chomh saor agus is féidir.’

3. Ní mór do thíortha gníomhú ar a gconlán féin chun a gcórais chúraim sláinte a dhéanamh níos cothroime agus níos éifeachtaí

Tá imní ar mhuintir na hÍsiltíre faoin gcúram sláinte, agus ní faoi phaindéim COVID-19 amháin. Mar shampla, tá fadhbanna acmhainneachta struchtúracha le feiceáil sna hospidéal. Níl dearcadh dearfach ag roinnt daoine Ísiltíreacha ar éifeachtaí an mhargaidh ar chúram sláinte. Tuigimid go mbíonn ar chuideachtaí cógaisíochta an méid a chaith siad ar a gcuid infheistíochtaí a chúiteamh agus gur mian le cuideachtaí árachais sláinte cúram a cheannach go saor, ach níor chóir do chuideachtaí móra mí-úsáid a bhaint as an gcumhacht atá acu. Ba cheart don Aontas Eorpach rialacháin a úsáid chun rud éigin a

dhéanamh faoin méid sin. Taobh amuigh de sin, measaimid gur saincheist náisiúnta go príomha é an cúram sláinte. Tar éis an tsaoil, is fearr a bheidh a fhios ag na tíortha féin cad iad na fadhbanna agus na tosaíochtaí áitiúla. Measaimid, áfach, go bhfuil sé tábhachtach do thíortha na hEorpa foghlaim óna chéile chun feabhas a chur ar chúram sláinte.

Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa

'Ba cheart dúinn a bheith níos cúramaí maidir le hinfhaighteacht cógas leighis san Eoraip. Tá an iomarca á tabhairt uainn in aisce faoi láthair.'

'Is maith an rud é go bhfuil an Ghearmáin ag glacadh le hothair COVID-19 ón Ísiltír. Ba mhaith liom níos mó den chineál sin dlúthpháirtíochta a fheiceáil san Eoraip.'

'Is cuma cá bhfuil cónaí ort san Aontas Eorpach agus cé acu atá tú saibhir nó daibhir, tá sé de cheart ag gach duine cúram sláinte maith a fháil.'

'Agus cógais leighis á gceannach, ná féachaimis ar an bpraghas agus ar an bpraghas amháin, ach ar chúrsaí eitice freisin. Ciallaíonn sé sin cosc ar leanaí a bheith ag obair, mar shampla.'

SMAOINEAMH: *'Feabhas a chur ar shláinte mhuintir na hEorpa' trína chinntiú gur lú an strus a bheidh orthu. Líon na n-uaireanta oibre i seachtain a laghdú, mar shampla.'*

SMAOINEAMH: *'Cluichí tromchúiseacha nó réaltacht mhéadaithe a úsáid chun cabhrú le daoine óga roghanna níos sláintiúla a dhéanamh.'*

Daoine ó Utrecht agus cúlra Mharacó acu: 'Tá praghas ag baint leis an tsláinte'

Cothaíonn an cumann *Marokkaans Dialoog Overvecht* (MDO) rannpháirtíocht phobal Mharacó i gcomharsanacht Overvecht Utrecht. Spreagann sé idirphlé sa chomharsanacht chun míbhuntáistí a mhaolú. Tá rannpháirtithe san idirphlé topaicbhunaithe maidir le Físeanna na hEorpa den tuairim go bhfuil go leor buntáistí ag baint le comhar Eorpach. Measann roinnt rannpháirtithe, áfach, go mbíonn an Ísiltír ag brath an iomarca ar thíortha eile uaireanta. Maidir le paindéim COVID-19 mar shampla. Ceapann na rannpháirtithe gur fhág an plé fadálach a rinneadh san Eoraip go raibh an Ísiltír ródhéanach ag cur tús le vacsaínithe. 'B'fhéidir go mbeadh sé níos costasaí dá mba mhian leis an Ísiltír níos mó cinntí a dhéanamh ar a conlán féin', a dúirt rannpháirtí amháin. 'Ach baineann sé seo leis an tsláinte, agus bíonn praghas ag baint leis an tsláinte.'

Daltaí scoile in Helmond: 'Is fearr a bheith cliste agus aithris a dhéanamh ar a chéile seachas an cur chuige céanna a bheith againn'

In Knippenbergcollege in Helmond, phléigh daltaí 15 bliana agus 16 bliana d'aois an chaoi ar láimhseáil an Eoraip an phaindéim. Ceapann roinnt daltaí gur cheart do Bhallstáit an Aontais an clár vacsaínithe a shocrú le chéile. Ceapann an chuid is mó de na rannpháirtithe go bhfuil tuiscint níos fearr ag gach tír ar leith ar a riachtanais féin agus ar a n-oibríonn inti agus mar sin is fearr a bheidh siad in ann a chinneadh cad is fearr don phobal. Mar shampla, tá a fhios acu cé na hearnálacha is gá a vacsaíniú ar dtús agus cad iad na hearnálacha ar féidir leo fanacht. 'Ar ndóigh, is maith an rud é an méid sin a phlé go hidirnáisiúnta', a dúirt duine de na daltaí. 'Nuair a bhíonn a gcur chuige féin ag tíortha éagsúla, is féidir leo féachaint ar a chéile agus foghlaim óna chéile.'

Ról an Aontais sa domhan mór

Tá dúshláin ollmhóra os comhair an domhain. Tá an tAontas lánchinnte nach féidir aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail an t-athrú aeráide agus paindéimí ach amháin tríd an gcomhar domhanda. Agus is mian leis an Aontas go mbeadh a ghuth le cloisteáil go soiléir ar stáitse an domhain, in éineacht leis na Stáit Aontaithe agus an tSín, mar shampla. Cén bharúil atá ag an Ísiltír de sin?

Moltaí – Ról an Aontais sa domhan mór

Measann 56 % de mhuintir na hÍsiltíre gur saincheist thábhachtach é ról an Aontais sa domhan mór agus gur saincheist é ar cheart don Aontas aghaidh a thabhairt air.

1. Leas a bhaint as láidreacht an Aontais, go háirithe i dtaca le mórcheisteanna idirnáisiúnta

Tá cruthú an Aontais Eorpaigh ar cheann de na cúiseanna go bhfuil muintir na hEorpa faoi shíocháin le breis is 75 bliana; dar lena lán de mhuintir na hÍsiltíre gurb é sin an gaisce is mó atá déanta ag an Aontas. anuas ar an méid sin ceapann mórán de mhuintir na hÍsiltíre gurb é neart an Aontais Eorpaigh é a chumas dul i ngleic le dúshláin mhóra idirnáisiúnta le chéile. Mar shampla, an t-athrú aeráide, an phaindéim agus géarchéim na ndéanaithe. Is féidir leis na Ballstáit tionchar níos mó a imirt freisin ar thíortha lasmuigh den Aontas trí chomhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích le chéile mar Aontas Eorpach. Is dóigh linn go bhfuil an Ísiltír róbheag inti féin chun difear a dhéanamh sna cúrsaí sin. Ina dhiaidh sin, áfach, teastaíonn ó mhuintir na hÍsiltíre go mbeadh ár dtír in ann leanúint dár gcinntí féin a dhéanamh, i gcomhréir lenár gcultúr agus ár leasanna féin. Ba cheart, dá bhrí sin, an comhar san Eoraip a bheith dírithe go príomha ar éifeachtúlacht agus tionchar a chinntiú.

‘Is fusa comhaontuithe comhair idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích mar an tAontas Eorpach ná mar thír aonair.’

2. comhar a spreagadh, ní coinbhleacht, taobh istigh agus taobh amuigh den Eoraip araon

Ceapann 66 % de mhuintir na hÍsiltíre gur cheart go mbeadh an tAontas Eorpach ina bhloc níos láidre in aghaidh bloic chumhachta idirnáisiúnta eile. Ceapaimid go bhfuil laghdú leanúnach ag teacht ar an gcothromaíocht sa domhan. Tá cumhacht níos mó á nglacadh chucu féin ag an tSín agus an Rúis i réimsí éagsúla. Is ábhar imní dúinn an méid sin. Ba cheart don Aontas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail an tslándáil idirnáisiúnta agus an geilleagar Eorpach a chosaint ar thrádáil éagórach. Is dóigh linn go bhfuil sé tábhachtach go dtiocfadh na Ballstáit ar chomhaontú níos minice agus níos tapúla faoi chur chuige aonair. Dá ndéanfaimis amhlaidh ba léire a chloisfí ár nguth. Is fíor gur láidre sinn, mar thíortha Eorpacha, ag seasamh le gualainn le gualainn ach ní hionann sin is a rá gur mian linn a bheith níos minice i mbun coinbhleachta. Thar aon ní eile ba mhaith linn a bheith ag obair as lámha a chéile le tíortha lasmuigh den Eoraip a oiread agus is féidir sin.

‘Má éiríonn linn difríochtaí agus coinbhleachtaí a laghdú tiocfaidh borradh ar infheictheacht agus ar thionchar an Aontais ar an stáitse domhanda.’

3. Cur chuige tomhaiste a bheith aige agus é ag tairiscint cabhair i leith réiteach coinbhleachtaí

Agus fás ag teacht ar ról an Aontais sa domhan mór, measann 50 % de mhuintir na hÍsiltíre gur saincheist thábhachtach é a chur chuige i leith coinbhleachtaí. Is deacair linn a rá cad é an bealach is fearr chun dul i ngleic le coinbhleachtaí. Is léir ó thaithí na mblianta gur minic nach é an dea-thoradh a bhíonn ar idirghabháil mhíleata. Féadann an idirghabháil mhíleata costais arda gan choinne a ghiniúint chomh maith le sreafaí breise dídeanaithe. Ba chóir mbeadh cead a bheith ag tíortha a chinneadh dóibh féin an mian leo páirt a ghlacadh i gcogadh, i bhfianaise an tionchair áitiúil. Is maith an rud é, tríd is tríd, comhar níos fearr a bheith ann idir airm na hEorpa: measaimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an Eoraip in ann í féin a chosaint i gceart. Ach b'fhéarr linne i gcónaí go réiteofaí coinbhleachtaí gan dul i muinín an fhoréigin.

'Le linn an aslonnaithe ón Afganastáin tháinig gach tír ar a plean féin. Ní foláir nó go bhféadtaí é sin a dhéanamh níos fearr?'

Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa

'Ba cheart don Aontas Eorpach slacht a chur ar a theach féin sula gcuire sé a ladar isteach i gcúraimí tíortha eile.'

'Trí chainníochtaí móra táirgí ón tSín a cheannach, táimidne Eorpaigh ag tabhairt cos i dtaca don tSín.'

'Tá tábhacht ollmhór leis na Stáit Aontaithe i gcónaí ó thaobh chosaint na hEorpa de.'

'Más ball den Aontas Eorpach tá suíochán agat ag an mbord caibidlíochta freisin. Ionas go mbeidh tú in ann tionchar a imirt agus cinntí tábhachtacha á ndéanamh.'

'Ba cheart don Aontas éirí as a bheith ag féachaint air féin mar eintiteas ar leith mar nach ea. Is comhlachas comhair de bhallstáit Eorpacha é an tAontas agus ba cheart dó é féin a iompar dá réir.'

SMAOINEAMH: *Faoi mar a bhíonn le cruinnithe mullaigh tráthrialta maidir leis an aeráid, ba cheart comhdháil thráthrialta a bheith ann maidir le cearta an duine.'*

SMAOINEAMH: *'Bíodh airm na hEorpa níos éifeachtúla trí threalamh a cheannach i dteannta a chéile.'*

Mná Maracach-Ísiltíreacha: 'Seas ar son chearta an duine'

Cumann Ísiltíreach is ea *Femmes for Freedom*, a bhíonn ag feachtasaíocht i gcoinne póstaí éigeantais, brú faoi chois gnéis agus mí-úsáid airgeadais cailíní agus ban ó chúlra déchultúrtha. Eagraíodh cruinniú le grúpa ban Maracach-Ísiltíreach leis an gcumann. Measann na rannpháirtithe go bhfuil an tAontas róspleách ar an Rúis agus ar an tSín faoi láthair. 'Is féidir a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé de mhisneach ag an Aontas aon rud a dhéanamh toisc go bhfuil sé scanraithe roimh smachtbhannaí' arsa rannpháirtí amháin. Luaigh siad mar shampla monaraíocht cógas – monaraíocht nach saor. I gcás coinbhleachta, ní bheidh le déanamh ag an tSín ach í a chasadh as agus fágfar gan faic sinn'. Arsa rannpháirtí eile. Tarraingíodh anuas cearta an duine freisin. 'Ligimid orainn go bhfuil sé seo thar a bheith tábhachtach ach féachaimid an treo eile i gcás a bhfuil á imirt ag an tSín ar na Uigiúraigh' arsa rannpháirtí eile.

Daltaí ó mheánscoil STEM ('technasium') Alkmaar: "Arm comhpháirteach ar bith"

Le linn a gcomhphlé thopaicbhunaithe, labhair daltaí ó mheánscoil STEM Jan Arentsz in Alkmaar faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le harm comhpháirteach Eorpach. Chuir na rannpháirtithe in iúl go soiléir nach raibh siad ina fhabhar. 'Dá mbeadh deacracht ag tír san Aontas le tír eile lasmuigh den Aontas ní bheadh rogha againn ach páirt a ghlacadh sa chogadh. Sílimse gur cheart go mbeadh tír in ann an cinneadh sin a dhéanamh í féin.' arsa rannpháirtí. Pléadh freisin an fhéidearthacht go dtarlódh tríú cogadh domhanda. Níor cheap na daltaí go mba dhócha go dtarlódh sé sin, ach dá dtarlódh, cheap siad go bhféadfaí fós réiteach a aimsiú go tapa. 'Is féidir le hairm oibriú go maith as lámha a chéile freisin. A mhéid a bhaineann sé liomsa, níl aon ghá le harm Eorpach.'

Ráiteas cuntasachta

Is éard atá in Físeanna den Eoraip formáidí idirphlé idirnasctha éagsúla ina dtugtar le chéile tuairimí agus smaointe shaoránaigh na hÍsiltíre maidir le todhchaí na hEorpa agus an Aontais. Sa chuid seo, tugtar fianaise ar an mbealach a gcomhlíonann na formáidí idirphlé idirnasctha na treoirlínte is infheidhme maidir le Painéil Náisiúnta Saoránach i gcomhthéacs na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.

Dearadh na bhformáidí comhphlé idirnasctha

Úsáideadh na cineálacha comhphlé seo a leanas:

1. Suirbhé painéil

Suirbhé ar thrasghearradh ionadaíoch de dhaonra na hÍsiltíre.

2. Comhphléití doimhne topaicbhunaithe ar líne

Comhphléití ina ndéantar torthaí na chéad tuarascála eatramhaí *Our vision of Europe: initial insights and follow-up questions* [Ár bhfís den Eoraip: léargais tosaigh agus ceisteanna leantacha] (an 8 Deireadh Fómhair 2021) a iniúchadh a thuilleadh le grúpa daoine ó Ísiltír.

3. Comhphléití le grúpaí sonracha

Cruinnithe le daoine ón Ísiltír nach gnách leo páirt a ghlacadh i suirbhéanna agus painéil (ar líne).

4. Comhphléití le daoine óga

Cruinnithe ina ndírítear ar na topaicí Eorpacha is ábhartha do dhaoine óga.

5. Taighde oscailte ar líne: Ceistneoir agus ‘Svaidhpeáil go dtí an todhchaí’

Bhí saoránaigh uile na hÍsiltíre ina ann ceistneoir an tsuirbhé painéil a chomhlánú, lena n-áirítear iadsan a bhfuil cónaí orthu thar lear. Bhí an ceistneoir oscailte ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 14 Samhain 2021. Ina theannta sin, le linn na tréimhse céanna, bhí gach Ísiltíreach in ann páirt a ghlacadh leis an uirlis ‘Svaidhpeáil go dtí an todhchaí’, uirlis ar líne ar a bhfuil 20 ráiteas.

1. Suirbhé painéil

Rinneadh an comhphlé i imeasc shaoránaigh na hÍsiltíre, dar teideal Físeanna den Eoraip (Kijk op Europa), a sheoladh an 1 Meán Fómhair 2021 le suirbhé painéil. Sa ráiteas cuntasachta seo déanaimid cur síos gairid ar dhearadh agus ar chur chun feidhme an staidéir painéil.

Aidhm agus spriocdhaonra

Seoladh Físeanna den Eoraip le ceistneoir ar líne ina bhféachtar ar conas a bhraitheann muintir na hÍsiltíre faoi thodhchaí na hEorpa. Cuireadh an ceistneoir faoi bhráid painéal ionadaíoch agus cuireadh ar fáil do mhuintir uile na hÍsiltíre é (lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí thar lear). Ina theannta sin, bhí an uirlis ar líne ‘Svaidhpeáil go dtí an todhchaí’, ar a raibh 20 ráiteas a bhféadfadh daoine a dtuairimí a thabhairt ina leith, ar fáil do chách freisin. Chuir torthaí an tsuirbhé painéil ionchur ar fáil do na comhphléití topaicbhunaithe éagsúla san obair leantach ar idirphlé na saoránach: Físeanna den Eoraip.

Ba é an spriocdhaonra saoránaigh uile na hÍsiltíre 18 mbliana d'aois nó os a chionn a bhí cláraithe (ón uair a thosaigh an obair allamuigh) mar chónaitheoirí san Ísiltír ar bhunachar sonraí bardasach na dtaifead pearsanta. De réir Staitisticí na hÍsiltíre (CBS), an 1 Eanáir 2021 bhí 14 mhilliún 190 874 dhuine sa spriocghrúpa sin. Tá an íosteorainn 18 bliana d'aois i gcomhréir leis an aois vótála. Is é sin an daonra a sainithníodh don suirbhé painéil.

Obair allamuigh

Chun pictiúr staidrimh a fháil ar ‘na hÍsiltírigh’, rinneadh suirbhé ar phainéal náisiúnta ar a raibh breis is 100 000 comhalta (deimhnithe ag an ISO, an grúpa Research Keurmerk, Comhlachas Taighde Margaidh na hÍsiltíre). Tá na comhaltaí go léir cláraithe don phainéal suirbhé agus tugann siad a dtuairimí go rialta ar réimse ábhar. Anuas ar a mian phearsanta a n-ionchur a chur ar fáil, faigheann siad íocaíocht freisin as na suirbhéanna a líonadh. Léiríonn staidéir eolaíoch éagsúla gur beag an difear idir na freagraí a thugann freagróirí a fhaigheann cúiteamh airgeadais as suirbhéanna a líonadh agus na freagraí a thugann freagróirí nach n-íoctar astu (foinse: *Does use of survey incentives degrade data quality?* [An ndéantar cáilíocht na sonraí a dhíghrádú trí úsáid a bhaint as dreasachtaí suirbhé?]) Cole, J. S., Sarraf, S. A., Wang, X., 2015).

Cuireadh tús leis an obair allamuigh an 11 Lúnasa 2021 agus tháinig deireadh léi an 19 Meán Fómhair 2021. Úsáideadh modh bailithe sonraí amháin: taighde ar an idirlíon. Fuair gach comhalta de phainéal an tsuirbhé ríomhphost ina raibh nasc pearsantaithe chuig an gceistneoir ar líne. Tar éis 2 sheachtain fuair rannpháirtithe an phainéil ríomhphost meabhrúcháin. Seoladh cuirí chun páirt a ghlacadh i mbaisceanna agus i bhfoirm shrathaithe (ag féachaint go cuí do dháileadh comhionann i measc fodhaonraí) go dtí go raibh an líon riachtanach freagróirí bainte amach.

Sampláil agus dáileadh

Ba é an treoirphrionsabal do dhearadh an staidéir go mbeadh ar 3 600 freagróir ar a laghad rannpháirteach chun dea-iontaofacht staidrimh a bhaint amach. Leis an líon daoine sin bhí dáileadh maith de shaintréithe cúlra éagsúla i measc an daonra. Ní dream aonchineálach iad muintir na hÍsiltíre. Ar an gcúis sin, áirithíodh roimh ré sa staidéar go ndéanfaí an sampla a dháileadh i gceart ionas go gcuirfí san áireamh roinnt saintréithe ar leith. Is tír cuibheasach beag í an Ísiltír ach bíonn tuairimí difriúla ann ó réigiún go réigiún. D'fhéadfadh dearcadh duine maidir lena thábhachtaí atá ábhar áirithe a bheith difriúil ag brath (freisin) ar an gceantar ina bhfuil cónaí orthu. Mar shampla, ráineodh go mbeadh difríochtaí idir daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe agus cónaitheoirí uirbeacha maidir le cúrsaí slándála. Ina theannta sin, léirigh staidéir a rinne Institiúid Taighde Shóisialta na hÍsiltíre (SCP) go ginearálta go

dtacaíonn daoine ar mó an t-oideachas atá orthu níos mó leis an Aontas Eorpach ná mar a thacaíonn daoine ar lú an t-oideachais atá orthu, agus go mbíonn daoine óga ar son an Aontais Eorpaigh níos minice ná daoine scothaosta (foinse: 'Wat willen Nederlanders van de Europese Unie?' [Cad a theastaíonn ó mhuintir na hÍsiltíre ón Aontas Eorpach?]) (Institiúid Taighde Shóisialta na hÍsiltíre, an Háig, 2019).

Chun aghaidh a thabhairt air sin, shannamar cuótaí roimh ré ar na saintréithe seo a leanas, chun dáileadh samplach ionadaíoch a áirithiú: (1) réigiún (ag baint úsáid as réigiúin COROP), (2) aois agus (3) leibhéal oideachais. Anuas air sin, is léiriú é an sampla ar na saintréithe cúlra seo a leanas: gnéas, bunadh, gníomhaíocht laethúil phríomhúil agus claontaí polaitiúla.

Rinneadh na réigiúin COROP a fhorbairt trí úsáid a bhaint as an bprionsabal nódach (ionaid daonra ina gcuirtear seirbhísí ar fáil nó a chomhlíonann feidhm réigiúnach) ar bhonn sreafaí comaitéirí. Anseo is ansiúd, éiríodh as an bprionsabal nódach a úsáid agus úsáideadh teorainneacha cúige ina áit. Nuair a rinneadh atarraingt ar na teorainneacha bardasacha agus gur thrasnaigh siad na teorainneacha COROP, coigeartaíodh na réigiún sin (foinse: CBS). Laistigh de réigiúin COROP, cinntimid go ndéantar dáileadh maith i measc na n-aoisghrúpaí seo a leanas: 18-34; 35-54; 55-75 agus os cionn 75.

Ar deireadh, chinntíomar go mbeadh dáileadh ionadaíoch ann ar leibhéal éagsúla oideachais. Tá dáileadh samplach na bhfreagróirí i gcomhréir le dáileadh náisiúnta an leibhéal is airde oideachais a baineadh amach, mar a leanas:

An leibhéal oideachais is airde a baineadh amach

Íseal: bunoidéachas, meánoidéachas réamhghairme (VMBO), meánoidéachas ginearálta sinsearach (HAVO) nó oideachas réamh-ollscoile (VWO) (na blianta 1-3), gairmoideachas meánscoile sinsearach (MBO) (bliain 1)	32.1 %
Meánach: meánoidéachas ginearálta sinsearach (HAVO) nó oideachas réamhollscoile (VWO) (na blianta 4-6), gairmoideachas meánscoile sinsearach (MBO) (blianta 2-4)	44.6 %
Ard: ard-ghairmoideachas nó oideachas ollscoile	22.9 %
Ní fios	0.4 %

Freagairt

San iomlán, ghlac 4 086 fhreagróir páirt sa suirbhé painéil. Baineadh amach an sprioc de 3 600 ceistneoir a bheith líonta go hiomlán.

Freagairt de réir réigiún COROP agus aoisghrúpa	18-34 bliana	35-54 bliana	55-75 bliana	75+ bliana
Tuaisceart Drenthe	11	14	17	5
Oirdheisceart Drenthe	10	12	14	4
Iardheisceart Drenthe	7	10	11	3
Flevoland	29	33	28	6
Tuaisceart na Freaslainne	20	22	25	8
Oirdheisceart na Freaslainne	12	13	14	3
Iardheisceart na Freaslainne	8	11	11	4

Freagairt de réir réigiún COROP agus aoisghrúpa	18-34 bliana	35-54 bliana	55-75 bliana	75+ bliana
--	-------------------------	-------------------------	-------------------------	-------------------

Achterhoek	22	27	34	11
Arnhem/Nijmegen	52	53	55	15
Veluwe	44	48	51	17
Iardheisceart Gelderland	16	18	20	5
Mórcheantar Delfzijl	2	4	5	1
Oirthear Groningen	7	10	12	3
An chuid eile de Groningen	36	26	28	8
Limburg Láir	13	17	21	7
Tuaisceart Limburg	17	20	23	7
Deisceart Limburg	38	40	52	17
Lárthuaisceart Brabant	34	35	35	11
Oirthuaisceart Brabant Thuaidh	41	43	51	14
Iarthar Brabant Thuaidh	40	47	49	15
Oirdheisceart Brabant Thuaidh	55	56	58	18
Mórcheantar Haarlem	13	18	18	7
Mórcheantar Alkmaar	14	19	19	6
Mórcheantar Amstardam	116	104	88	23
Het Gooi & Vechtstreek	13	21	19	7
IJmond	12	14	15	4
Barr na hOllainne Thuaidh	22	27	30	9
Zaanstreek	11	13	12	3
Tuaisceart Overijssel	25	28	25	8
Twente	41	44	46	14
Iardheisceart Overijssel	10	11	12	3
Utrecht	96	100	89	27
An chuid eile de Zeeland	16	21	23	8
Flóndras Zeeland	6	8	9	3

Freagairt de réir réigiún COROP agus aoisghrúpa	18-34 bliana	35-54 bliana	55-75 bliana	75+ bliana
Mórcheantar Leiden & Bollenstreek	30	31	31	10
Mórcheantar na Háige	63	70	57	18
Delft & Westland	19	15	15	4
Mórcheantar Rijnmond	103	107	99	31
Oirthear na hOllainne Theas	22	24	25	8
Oirdheisceart na hOllainne Theas	24	26	26	9

Freagairt de réir leibhéal oideachais

Íseal	1382	34 %
Meánach	1747	43 %
Ard	915	22 %
Ní fios	42	1 %

Iontaofacht agus ionadaíochas

Le 4 086 fhreagróir, is féidir tuairimí a thabhairt faoin daonra le hiontaofacht 95 % agus lamháil earráide 1.53 %. Braitheann iontaofacht agus lamháil earráide na dtorthaí ar mhéid an tsampla. Dá mhéid an sampla is ea is iontaofa agus/nó is cruinne is féidir na torthaí a eachtarshuí don daonra ina iomláine.

Sainítear an leibhéal iontaofachta mar 1 (100 %) lúide an leibhéal suntasachta. Is gnách glacadh leis go bhfuil leibhéal suntasachta 5 % ann, rud a chiallaíonn leibhéal iontaofachta de 95 %. Ciallaíonn sé sin, dá ndéanfaí an staidéar a athdhéanamh ar an mbealach céanna agus faoi na coinníollacha céanna, go dtabharfadh na torthaí an pictiúr céanna i 95 % de na cásanna.

Léiríonn an leibhéal cruinnis (arna chur in iúl mar lamháil earráide) raon na luachanna ar laistigh de a luíonn an luach iarbhir sa daonra nó, i bhfocail eile, cé chomh fada is a d'fhéadfadh na torthaí ón sampla imeacht ó na torthaí a gheofaí dá ndéanfadh an daonra ar fad an suirbhé a líonadh. Ciallaíonn lamháil earráide 1.53 % go bhféadfadh an luach iarbhir sa daonra iomlán a bheith suas le 1.53 % níos airde nó níos ísle ná an luach sa sampla. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin, má léiríonn toradh suirbhé ón sampla go measann 50 % de na freagróirí go bhfuil tábhacht ar leith le topaic ar leith, d'fhéadfadh sé go mbeadh an céatadán iarbhir suas le 1.53 % níos ísle nó níos airde ná 50 % (i.e. idir 48.47 % agus 51.53 %). Tá lamháil earráide suas le 5 % coitianta agus glactar leis go ginearálta i dtaighde cainníochtúil (staidrimh).

Chomh maith le hiontaofacht, gabhann tábhacht le hionadaíochas an tsampla freisin. Ós rud é gur seoladh na cuirí chun páirt a ghlacadh sa suirbhé i mbaisceanna agus go ndearnadh iad a shraithú, tá na torthaí ionadaíoch i dtéarmaí réigiún COROP agus aoisghrúpaí laistigh de gach réigiún COROP. Tá an fhreagairt i gcomhréir freisin le dáileadh náisiúnta an leibhéil is airde oideachais a baineadh amach.

Saintréithe cúlra eile

Cuireadh roinnt ceisteanna cúlra breise ar fhreagróirí an tsuirbhé painéil. Leis na ceisteanna sin cumhdaíodh inscne, tuairimí faoin Aontas Eorpach, bunadh, príomhghníomhaíocht laethúil agus cén páirtí polaitiúil dá vótálfaidís dá dtionólaí toghchán anois.

Ba fhir iad 49 % de na freagróirí, ba mhná iad 50 % agus b'fhearr le 1 % díobh gan an cheist sin a fhreagairt.

Mheas 51 % de na freagróirí gur maith an rud é gur ball den Aontas Eorpach í an Ísiltír, mheas 13 % gur drochrud é, agus bhí 36 % neodrach ina thaobh nó ní raibh tuairim acu.

Rugadh 95 % de na freagróirí san Ísiltír. I gcás 89 % de na freagróirí, rugadh an bheirt tuismitheoirí san Ísiltír. I gcás 5 % de na freagróirí, rugadh an bheirt tuismitheoirí thar lear.

Claontaí polaitiúla reatha na bhfreagróirí

Páirtí	%
VVD (Páirtí an Phobail um Shaoirse agus Daonlathas)	14 %
PVV (Páirtí um an tSaoirse)	13 %
SP (An Páirtí Sóisialach)	8 %
D66	6 %
CDA (Achainí Dhaonlathach Chríostaí)	6 %
PvdA (Páirtí an Lucht Oibre)	6 %
Partij voor de Dieren (Páirtí ar son na nAinmhithe)	4 %
GroenLinks (Glasaigh ar clé)	4 %
ChristenUnie (An tAontas Críostaí)	3 %
JA21	3 %
BoerBurgerBeweging (Gluaiseacht Feirmeoirí-Saoránach)	2 %
Forum voor Democratie (An Fóram um Dhaonlathas)	2 %
SGP (An Páirtí Polaitiúil Leasaithe)	2 %
Volt	2 %
DENK (SMAOINIGH)	1 %
Groep Van Haga (Grúpa Van Haga)	1 %
BIJ1	1 %
Fractie Den Haan (Páirtí Den Haan)	0 %

Páirtí %

Eile	2 %
Ballóid bhán	3 %
B'fhearr gan a lua	13 %
Ní vótálfadh	5 %

Cad é do phríomhghníomhaíocht laethúil faoi láthair?

Gairm bheatha %

Dalta/mac nó iníon léinn	6 %
Fostaí páirtaimseartha	16 %
Fostaí lánaimseartha	31 %
Féinfhostaithe	3 %
Cúramaí baile	5 %
Cuardaitheoir poist	2 %
Oibrí deonach	2 %
Neamhábalta chun oibre	6 %
Ar scor	27 %
Eile	1 %
B'fhearr gan a lua	1 %

Ceistneoir

Rinne an Aireacht Gnóthaí Eachtracha an ceistneoir agus an tuarascáil seo a choimisiúnú agus tharraing eagraíocht sheachtrach neamhspleách suas iad. Tá struchtúr modúlach ar an gceistneoir agus tá sé déanta suas de na rannóga seo a leanas a fhreagraíonn do na topaicí a sainithníodh don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa:

- príomhthopaicí agus ról na hEorpa
- an t-athrú aeráide agus an comhshaol
- sláinte
- an geilleagar agus poist
- ról an Aontais Eorpaigh sa domhan mór
- slándáil agus an smacht reachta
- an saol ar líne
- an daonlathas Eorpach
- imirce agus dídeanaithe
- oideachas, cultúr, an óige agus spórt

Nuair a bhí an ceistneoir á fhorbairt, tugadh aird ar leith ar cháilíocht, iontaofacht agus bailíocht fhriotal na gceisteanna. Ba é ab aidhm dó sin a chinntiú go mbeadh foclaíocht na gceisteanna, na ráiteas agus na roghanna neodrach agus neamhthreorach. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar na ceisteanna lena chinntiú gur scríobhadh i dteanga shimplí (leibhéal B1) iad.

Rinneadh tástáil cháilíochtúil ar an gceistneoir i suíomh duine le duine le freagróirí na dtástálacha mar spriocghrúpa chun a fháil amach cad a rith leis na cineálacha éagsúla freagróirí nuair a cuireadh na ceisteanna orthu. Rinneadh an fhoclaíocht a choigeartú nuair a ceapadh í a bheith róchasta.

Modhanna anailíse

Úsáideadh dhá mhodh anailíse sa staidéar seo:

Anailís aonathráideach

Le hanailís aonathráideach, úsáidtear staitisticí tuairisciúla chun cur síos a dhéanamh ar athróga i staidéar. Sa staidéar seo, úsáideadh minicíochtaí agus meáin.

Anailís dhé-athráideach

Le hanailís dhé-athráideach scrúdaítear an gaol idir dhá athróg, sa chás seo an gaol idir tábhacht na dtopaicí éagsúla agus cé acu ba cheart nó nár cheart don Aontas Eorpach déileáil leo ar thaobh amháin, agus saintréith chúlra na haoise ar an taobh eile. Úsáideadh tástáil suntasachta chun a chinneadh an ngabhann céimeanna difriúla tábhachta le topaicí áirithe i gcás aoisghrúpaí éagsúla, agus an mbíonn tuairimí difriúla acu maidir le cé acu is topaicí iad ar cheart don Aontas déileáil leo nó nach ea.

Tuairisciú agus iomláine

Déantar anailís sa tuarascáil seo ar thorthaí na gceisteanna uile a cuireadh ar fhreagróirí phainéal an tsuirbhé. I gcás roinnt ceisteanna, bhí freagróirí in ann freagraí ‘oscailte’ a thabhairt (seachas freagraí a roghnú ó thacar freagraí ilrogha). Ansin cuireadh na freagraí oscailte sin i gcatagóirí agus ionchorpraíodh sa tuarascáil iad. Úsáidtear na smaointe a chomhroinn na freagróirí sa réimse tráchta mar ionchur do na comhphléití topaicbhunaithe éagsúla san obair leantach ar chomhphlé na saoránach: Físeanna den Eoraip.

2. Comhphléití doimhne topaicbhunaithe ar líne

Rinneadh plé níos doimhne ar phríomhthopaicí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa in ocht gcomhphlé thopaicbhunaithe ar líne. Ba é ab aidhm do na comhphléití a fháil amach *cén fáth* a smaoiníonn daoine mar a dhéanann siad, agus na bunchúiseanna agus na mothúcháin atá acu. Cad iad na hábhair imní atá acu agus cén deiseanna a fheiceann siad amach rompu? Le linn na seisiún comhphlé, tugadh deis freisin do na rannpháirtithe moltaí agus smaointe a chur i láthair i dtaca leis na topaicí sin. Bhí siad in ann freisin saincheisteanna a tharraingt anuas nach cuid den Chomhdháil iad ach a ngabhann tábhacht leo dóibh.

Bhí na comhphléití topaicbhunaithe sin ar siúl an 12 agus an 14 Deireadh Fómhair agus an 9 agus an 11 Samhain. I mí Dheireadh Fómhair, bhí ceithre chomhphlé thopaicbhunaithe ar líne faoi topaicí sa chnuasach maidir leis an ngeilleagair agus an daonlathas. I mí na Samhna, bhí ceithre chomhphlé thopaicbhunaithe ar líne faoi topaicí sa chnuasach maidir leis an aeráid agus an Aontas Eorpach sa domhan. Ghlac 29 nduine ar an meán páirt i ngach ceann de na seisiúin chomhphlé (231 san iomlán). Earcaíodh rannpháirtithe ó chomhaltaí an phainéil (féach 1) agus trí na meáin shóisialta.

3. Comhphléití le grúpaí sonracha

Tá a fhios againn gur lú an taithí atá ag grúpaí áirithe daoine ón Ísiltír ar pháirt a ghlacadh i suirbhéanna agus i bpainéil (ar líne). Chun léargas ionadaíoch a fháil ar ‘guth na hÍsiltíre’ ba thábhachtach ligean dóibh a smaointe agus a dtuairimí a chur in iúl freisin. Sin an chúis ar eagraíomar roinnt comhphléití duine le duine do Físeanna na hEorpa. Úsáideadh na tuairimí agus na smaointe a bhailíomar trí na comhphléití sin mar cheann de na boinn do na moltaí.

Spríocghrúpaí

Níl aon sainiú soiléir déanta ar spríocghrúpaí ar deacair iad a bhaint amach. Léiríonn taighde agus taithí gur éadóiche go mór go nglacadh duine ón Ísiltír **nach ó chúlra an domhain thiar** é nó í páirt ar bhonn deonach i suirbhéanna agus i bplé. Ós grúpa mór iad (14 % de dhaonra na hÍsiltíre¹), roghnaíodh iad le bheith rannpháirteach sa chomhphlé Físeanna den Eoraip. Cuireadh na hualuithe céanna i bhfeidhm i gcás **daoine a bhfuil leibhéil ísle litearthachta acu**. Is grúpa mór é sin freisin (2.5 milliún duine san Ísiltír²), atá ag forluí go páirteach leis an ngrúpa imirceach (39 %). Ar deireadh, reáchtáladh comhphlé le grúpa arb annamh a fheictear iad i suirbhéanna agus i bplé, **grúpa a fhaigheann locht ar an Eoraip ach a bhíonn ag déileáil go gairmiúil go minic léi**. Roghnaíodh gnólachtaí in earnáil na talmhaíochta le páirt a ghlacadh.

Chuathas i dteagmháil leis na grúpaí thuas trí eagraíochtaí ina mbíonn siad rannpháirteach, amhail comhlachais imirceach, grúpaí sainleasa agus eagraíochtaí gairmiúla. Toisc gur chuireamar teorainn d’ocht gcinn ar líon na gcomhphléití ní fhéadfaimis gach duine a chlúdach. Ciallaíonn sé sin go raibh roghnú na rannpháirtithe rud beag treallach. Agus rannpháirtithe á roghnú againn, lorgaíomar go háirithe daoine a bheadh díograiseach maidir le pháirt a glacadh agus cabhair a thabhairt chun an chosmhuintir a shlógadh, agus d’fhéachamar freisin ar chúrsaí praiticiúla ar nós daoine a bheith ar fáil ar dhátaí áirithe agus in áiteanna áirithe.

Tionóladh comhphléití ar an láthair le comhaltaí ó na heagraíochtaí seo a leanas:

- Stichting Hakder, an pobal Alabhaíteach, Schiedam
- Stichting Asha, an pobal Hiondústánach, Utrecht (dhá sheisiún comhphlé)
- Piëzo, eagraíocht na sochaí sibhialta, Zoetermeer
- Taal doet Meer, eagraíocht litearthachta, Utrecht
- BoerenNatuur, comhlachas comharchumann talmhaíochta
- Marokkanen Dialoog Overvecht (Comhphlé Maracach Overvecht) pobal Mharacó, Utrecht
- Femmes for Freedom, grúpa sainleasa do mhná ó chúlra imirceach, an Háig

Ghlac 110 nduine ar an iomlán páirt sna cruinnithe comhphlé sin.

4. Comhphléití le daoine óga

Is spriocghrúpa tosaíochta don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa iad daoine óga. Chun a rannpháirtíocht sa chomhphlé saoránach Físeanna den Eoraip a spreagadh go gníomhach, agus chun téagar sa bhreis a chur le tuairimí agus smaointe an ghrúpa seo, eagraíodh cúig chruinniú comhphlé duine le duine go speisialta do dhaoine óga.

Tionóladh cruinnithe sna hinstiúidí seo a leanas:

- *Studievereniging Geschiedenis*, cumann na mac agus iníonacha léinn staire, Ollscoil Leiden
- *Dr. Knippenbergcollege*, meánscoil, Helmond
- *Coalitie-Y*, cumann óige na Comhairle Socheacnamaíochta (SER)
- Graafschap College, Institiúid MBO, Doetinchem
- CSG Jan Arentsz, meánscoil STEM (technasium), Alkmaar
- An Chomhairle Náisiúnta don Óige (tionóladh an cruinniú ar shuíomh seachtrach)

Ghlac 110 nduine ar an iomlán páirt sna cruinnithe comhphlé sin.

Na teicnící plé a úsáideadh

Úsáideadh an modh Sócraiteach do na chomhphléití topaicbhunaithe ar líne, na comhphléití le grúpaí sonracha agus na comhphléití le daoine óga. Tá an modh sin in úsáid le blianta anuas san Ísiltír dár ‘Lá Comhphlé’, lá a labhraíonn daoine ar fud na hÍsiltíre le chéile ar shaincheisteanna a bhaineann leo. Leis an modh Sócraiteach cuireann an modhnóir na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm:

- Lig do gach duine a scéal féin a insint
- Ná hiniis frith-scéal láithreach
- Bíodh meas agat ar gach duine
- Labhair ar do shon féin (‘Is dóigh liomsa’ seachas ‘deir siad’)
- Iarr ar dhaoine iad féin a mhíniú mura mbeidh ag teacht aníos ach ráitis róghinearálta
- Ná tabhair breith ach déan na tuairimí a fhiosrú
- Lig do dhaoine tamall ciúnais a bheith acu lena marana a dhéanamh más gá

Leanann an comhphlé an patrún seo: dibhéirseacht – cóineasú – dibhéirseacht. Is é go gcaithfidh tú ar dtús dibhéirsiú (slí a dhéanamh do mhothúcháin agus tuairimí duine) sular féidir leat cóineasú (treonna féideartha a phlé) agus ar deireadh dibhéirsiú arís (e.g. moltaí aonair a bhailiú). Léiríonn an teorric agus an cleachtas go gcinntíonn an patrún seo comhphlé réidh.

Threoraigh éascaitheoirí gairmiúla na comhphléití go léir.

5. Taighde oscailte ar líne: Ceistneoir agus ‘Svaidhpeáil go dtí an todhchaí’

Bhí ceistneoir an tsuirbhé painéil oscailte do shaoránaigh uile na hÍsiltíre, lena n-áirítear iadsan a bhfuil cónaí orthu thar lear. Bhí an ceistneoir oscailte ón 1 Meán Fómhair 2021 go dtí an 14 Samhain 2021. Ina theannta sin, le linn na tréimhse céanna, bhí gach Ísiltíreach in ann páirt a ghlacadh leis an uirlis ‘Svaidhpeáil go dtí an todhchaí’, uirlis ar líne ar a bhfuil 20 ráiteas.

Freagairt agus cur chun feidhme

Líon 1 967 bhfreagróir san iomlán an ceistneoir agus líon 6 968 nduine an uirlis svaidhpeála ina hiomláine. Bhí an ceistneoir agus an uirlis svaidhpeála oscailte do chách; ní raibh aon réamhchoinníollacha ná critéir roghnúcháin chun páirt a ghlacadh. D'fhéadfaí ceisteanna sa cheistneoir a scipeáil (ní raibh aon cheisteanna éigeantacha ann) chun líon na bhfreagraí a uasmhéadú. Ba mhinice go mór a d'fhreagair na rannpháirtithe 'B'fhéarr liom gan a rá' sa cheistneoir ná sa suirbhé painéil ionadaíoch.

Bhí cúlraí na rannpháirtithe sa cheistneoir oscailte agus san uirlis svaidhpeála éagsúil ó chúlraí na rannpháirtithe sa suirbhé painéil ionadaíoch ar roinnt bealaí. Níl torthaí an cheistneora oscailte ná na huirlise svaidhpeála ionadaíoch, murab ionann agus torthaí an tsuirbhé painéil. Úsáideadh torthaí an tsuirbhé oscailte ar líne chun cur leis an tsuirbhé painéil. Tugann siad léirstean ar na mothúcháin agus na smaointe atá forleathan san Ísiltír faoi láthair. Baineadh úsáid as na moltaí maidir le feabhsú a tugadh sna réimsí saorthéacs san fhothopaic 'Plé agus smaointe ar líne agus i bpearsa'. Úsáideadh an uirlis svaidhpeála chun léirstean a fháil ar roinnt de na mothúcháin atá thuas san Ísiltír. Cuireadh na torthaí san áireamh agus na moltaí á n-ullmhú. Ós rud é gur riachtanas é go mbeadh sé ionadaíoch, ní thugtar ach aird áirithe sa tuarascáil seo ar thorthaí an tsuirbhé oscailte ar líne.

Foilseachán de chuid na hAireachta Gnóthaí Eachtracha é seo.
www.kijkopeuropa.nl